2025.M39T

2025L024G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Eolaíocht Talmhaíochta

## Gnáthleibhéal

Dé Luain 16 Meitheamh Tráthnóna 2:00 - 4:30

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdú seo.

Moltar duit tuairim is 50 nóiméad a chaitheamh ar Roinn **A** agus 100 nóiméad ar Roinn **B**.

Roinn **A** Freagair **deich** gceist ón roinn seo. Tá rogha inmheánach i g**ceithre** cheist.

Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn **B** Freagair **ceithre** cheist ón roinn seo. Tá rogha inmheánach in **dhá** cheist.

Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá, Mí agus Bliain do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, graif agus léaráidí.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Ba chóir do chuid oibre go léir a chur i láthair sna háiteanna atá ann do na freagraí nó ar na graif nó na léaráidí a thugtar. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de na háiteanna sin. Níl gá duit an spás go léir a úsáid.

Scríobh gach freagra sa leabhrán seo. Tá spás breise ar fáil ag deireadh Roinn A agus i gcúl an leabhráin. Má theastaíonn an spás sin uait, lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

| **Roinn A** | **100 marc** |
|---|---|

Freagair **deich** gceist ar bith.

Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 1** Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(i)** Agus an liosta thíos á úsáid agat, sainaithin **trí** phór ar bith, **A**, **B**, **C** nó **D**.

| Geirseog | Holstein Freaslannach | Charolais | Limousin |
|---|---|---|---|

**A**



**B**



| | |
|---|---|
| | |

**C**



**D**



| | |
|---|---|
| | |

**(ii)** Luaigh pór mairteola **amháin** ó chuid (i) thuas.

| |
|---|
| |

**Nó**

**(b)** Bhí Jeaic ag iarraidh cinneadh a dhéanamh faoi cén tarbh ba cheart dó a chrosáil lena chuid bó déiríochta.

**Aberdeen Angus**



**Beilgeach Gorm**



**(i)** Sainaithin cé acu tarbh, Aberdeen Angus **nó** Beilgeach Gorm, a mholfá do Jeaic a roghnú agus tabhair cúis leis an rogha sin.

| |
|---|
| Tarbh: |
| Cúis: |
| |
| |

**(ii)** Tarbh maol atá sa tarbh Aberdeen Angus.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an chiall cheart atá leis an téarma a bhfuil líne faoi a shainaithint.

| | |
|---|---|
| Dé-fhéitheogach | |
| Táirgeann sé bainne | |
| Níl adharc ar bith air | |

**(iii)** Luaigh cé acu tarbh is dóchúla a tháirgfeadh laonna a mbeadh cruth conablaigh E nó U orthu.

| |
|---|
| |
| |

**Ceist 2**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá siad seo a leanas.

*Tá an chéad cheann déanta mar shampla.*

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| ***Sampla*** | ***Bíonn ba ionlao ar feadh 157 lá*** | ☐ | ✓ |
| **(a)** | Ainm eile ar tharbh is ea bullán | ☐ | ☐ |
| **(b)** | 17 lá a bhíonn an triall éastrasach ag bó | ☐ | ☐ |
| **(c)** | Is galar infhógartha atá sa bhruisealóis | ☐ | ☐ |
| **(d)** | Is galar coitianta an niúmóine i measc laonna | ☐ | ☐ |
| **(e)** | Próitéin is cúis le fás agus deisiú in ainmhithe | ☐ | ☐ |

**Ceist 3**


Tá roinnt innealra feirme sa liosta thíos.
Meaitseáil gach inneall feirme sa liosta leis an gcur síos ceart sa tábla ar an úsáid bhaintear as.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rollóir | Suaiteoir | Lomaire | Céachta | Comhbhuainteoir |

| Cur síos | | Inneall feirme |
|---|---|---|
| **(a)** | Barra gráin a bhaint | |
| **(b)** | Ithir a shaothrú in ullmhúcháin na gceapaí síl | |
| **(c)** | Talamh a chothromú agus dromchla na hithreach a bhalcadh | |
| **(d)** | Féar a ghearradh le haghaidh sadhlais | |
| **(e)** | Féar a thriomú chun méid an ábhair thirim (DM) a laghdú | |

**Ceist 4**

Taispeántar san fhótagraf an leagan amach atá ar fheirm dhéiríochta.
Déan anailís ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(a)** Mol **dhá** bhealach a léiríonn go bhfuil an fheirm seo éifeachtach ó thaobh saothair de.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(b)** Agus an fótagraf thuas á úsáid agat, sainaithin cén struchtúr, **A**, **B** nó **C,** is oiriúnaí le sciodar a stóráil ann.


| |
|---|
| |

**(c)** Is modhanna coitianta innilte ar fheirmeacha déiríochta iad an innilt bhanraí nó an stiallinnilt. Mol cén fáth a bhféadfadh an fheirm seo a bheith oiriúnach do cheachtar modh innilte.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

## Ceist 5

Taispeántar sa léaráid an tionchar a bhíonn ag comhdhéanamh ithreach ar tháirgiúlacht bairr.
Déan anailís ar an léaráid agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(a)** Sainaithin cé acu pictiúr, **A**, **B**, nó **C**, ina bhfuil an comhdhéanamh idéalach ithreach agus tabhair cúis leis an rogha sin.

| |
|---|
| Pictiúr: |
| Cúis: |
| |
| |


**(b)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil céatadán ard d’ábhar mianrach agus d’ábhar orgánach in ithir **C**.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun na cúinsí atá riachtanach don phéacadh a shainaithint.

| | |
|---|---|
| Solas, teas agus ocsaigin | |
| Uisce, solas agus teas | |
| Uisce, teas agus ocsaigin | |

**Ceist 6**



Tá breis is 102 speiceas dúchasach beach in Éirinn agus tá ról an-tábhachtach acu sa talmhaíocht. Tá líon na mbeach ag titim le blianta beaga anuas, áfach.

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ról a bhíonn ag beacha sa talmhaíocht.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(b)** Déan cur síos achomair ar **dhá** chúis a bhfuil líon na mbeach in Éirinn ag titim.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**Ceist 7**

**(a)** Bain úsáid as an liosta thall chun **trí** phlanda ar bith a thaispeántar sa tábla a shainaithint.

| | |
|---|---|
| Siocaire | Seamair bhán |
| Seagalach bhuan | Neantóg |

| A | B | C | D |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
| | | | |

**(b)** Luaigh cé acu planda ó chuid (a) thuas nach rud maith é a bheith i mbáinseach féaraigh.

| |
|---|
| |
| |

**Ceist 8**

Taispeántar feirmeoir san fhótagraf agus leasachán á dhoirteadh isteach i leatóir leasacháin aige. Déan anailís ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna a leanas.



**(a)** Mol **dhá** réamhchúram a d'fhéadfadh an feirmeoir seo a dhéanamh chun rioscaí sláinte a laghdú.



| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(b)** Thug Orla dhá chomhartha rabhaidh faoi deara ar na málaí leasacháin a thug le fios gur greannaitheoir súl é agus go bhfuil riosca dóiteáin ag baint leis.
Cuir tic (✓) sna boscaí ceart chun an **dá** shiombail a bhaineann leis na comharthaí sin a shainaithint.

| | | | |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
| | | | |

**Ceist 9** Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** Taispeántar laonna sna pictiúir thíos agus iad i suíomhanna éagsúla ag druidim le ham breithe.
Déan anailís ar na pictiúir agus freagair na ceisteanna a leanas.

| A | B |
|---|---|
|  |  |

**(i)** Sainaithin cé acu pictiúr, **A** nó **B**, an suíomh ceart do lao nuair a bheirtear é agus tabhair cúis leis an rogha sin.


| |
|---|
| Pictiúr: |
| Cúis: |
| |
| |

**(ii)** Déan cur síos achomair ar **dhá** chleachtas bainistíochta a chuirfeadh feirmeoir i bhfeidhm i gcás na bó ag am breithe.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Nó**

**(b)** Taispeántar sa phictiúr an Praghasinnéacs Talmhaíochta le haghaidh 12 mhí suas go mí an Mhárta 2024.
Déan anailís ar an bpictiúr agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(i)** Luaigh cé acu atá na praghsanna ionchuir tar éis ardú **nó** laghdú.

| |
|---|
| |

**(ii)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun an tionchar atá ag do fhreagra i gcuid (i) thuas ar fheirmeoirí a chur in iúl.

| | |
|---|---|
| Laghdú ar na costais táirgeachta | |
| Fanann na costais táirgeachta mar an gcéanna | |
| Méadú ar na costais táirgeachta | |

**(iii)** Cé acu fiontar talmhaíochta ina bhfuil an praghas aschuir tar éis ardú?


| |
|---|
| |

**(iv)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun an tionchar atá ag do fhreagra i gcuid (iii) thuas ar fheirmeoirí a chur in iúl.

| | |
|---|---|
| Méadú ar an mbrabús | |
| Méadú ar an gcostas | |

**Ceist 10**

Taispeántar sa léaráid an próiseas a bhaineann le seamhan tairbh a ghnéasaithint.
Déan anailís ar an bpictiúr agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(a)** Sainaithin an ghnéaschill ar a bhfuil an lipéad **A**.

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun a shainaithint cé acu crómasóm a fhaightear sa ghnéaschill, **X** nó **Y**, is cúis le laonna baineanna a tháirgeadh.

| | |
|---|---|
| **X** | |
| **Y** | |

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le seamhan a ndearnadh gnéasaithint air a úsáid ar fheirmeacha.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**Ceist 11** Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna a leanas.

### Bacaíl: san fhómhar an riosca is airde ar fheirmeacha déiríochta



Is féidir leis an mbacaíl a bheith ina fadhb mhór ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann san fhómhar, tráth a bhíonn deireadh ag teacht le tréimhse lachta na mbó a rug lao san earrach.

Bíonn siad níos troime agus iad ionlao, bíonn siad níos tuirsí, agus is minic iad ag siúl ar dhromchlaí míchothroma nó ar dhromchlaí a bhfuil damáiste déanta dóibh. Siúlann ba achar níos faide, mar go mbíonn níos mó úsáid banracha á n-úsáid chun síneadh a chur leis an séasúr innilte.

Taispeántar i staidéir a rinneadh le déanaí gur thart ar €5,000 an costas bliantúil a bhaineann leis an mbacaíl i gcás tréad 100 bó ar fheirm dhéiríochta in Éirinn.

*(Arna chur in oiriúint ó Agriland, 2024)*

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cén córas táirgthe déiríochta a bhfuil cur síos air san alt.

| | |
|---|---|
| Breith earraigh | |
| Breith fómhair | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis leis an mbacaíl i mba.

| | |
|---|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(iii)** Ríomh an costas bliantúil in aghaidh na bó a bhaineann leis an mbacíl ar fheirm dhéiríochta in Éirinn.

Ríomh:

**Nó**

**(b)** Tá dul chun cinn á dhéanamh go tapa maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear ar fheirmeacha chun leas ainmhithe a fheabhsú agus leis an méid oibre a laghdú.



**(i)** Taispeántar tairbh sa phictiúr agus iad ar lataí rubair.
Déan cur síos go hachomair ar **dhá** bhealach a bhfeabhsaíonn lataí rubair leas ainmhithe.


| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(ii)** Seachas leas ainmhithe, tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe bhaineann le lataí i dtithíocht na n-ainmhithe.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 12** Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** Taispeántar sa ghraf na príomhchúiseanna le básmhaireacht (bás) uan ar fheirmeacha caorach na hÉireann.
Déan anailís ar an ngraf agus freagair na ceisteanna a leanas.




*(Arna chur in oiriúint ó Dairygoldagri.ie)*

**(i)** Sainaithin an phríomhchúis le bás na n-uan.

**(ii)** Comhlánaigh an graf thuas chun a thaispeáint go bhfaigheann 20% d'uain bás de bharr galair.


**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ar féidir le feirmeoirí líon na n-uan a fhaigheann bás leis an bhfuacht agus leis an ocras a laghdú.

1.

2.

**Nó**

**(b)** Taispeántar sa ghraf ráta fáis dhá uan agus a meáchan ar fheirm Laoise.
Déan anailís ar an ngraf agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(i)** Sainaithin cé acu uan (uan aonair nó leathchúpla) ag a raibh an ráta fáis is airde thar na 25 seachtaine.

| |
|---|
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a raibh meáchan níos lú ag an leathchúpla nuair a rugadh é.

| |
|---|
| |
| |

**(iii)** Tuar cé acu uan ag a mbeidh an meáchan is mó ag am a mharaithe.

| |
|---|
| |
| |

**(iv)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun meáchan idéalach maraithe na n-uan a shainaithint.

| 32kg | 42kg | 22kg |
|---|---|---|
| | | |

Spás breise scríbhneoireachta le haghaidh **Roinn A**.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.



| **Roinn B** | **200 marc** |
|---|---|

Freagair **ceithre** cheist ar bith.

Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 13**

**(a)** Teastaíonn ó Mia samplaí ithreach a ghlacadh ó ghort a cheannaigh sí le déanaí chun anailís a dhéanamh orthu. Déan anailís ar na pictiúir agus freagair na ceisteanna a leanas.

| A | B | C |
|---|---|---|
|  |  |  |

**(i)** Sainaithin cé acu modh **A**, **B** nó **C** ar cheart di a úsáid chun an ithir a shampláil agus mínigh cúis **amháin** ar cheart di an modh sin a úsáid.

| |
|---|
| Modh: |
| Cúis: |
| |
| |

**(ii)** Cuir comhairle ar Mia faoi líon na samplaí ba cheart di a ghlacadh.

| |
|---|
| |
| |

**(iii)** Ainmnigh an píosa trealaimh ba cheart do Mia a úsáid chun na samplaí ithreach a ghlacadh.

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Bhí Mia ag iarraidh uigeacht na talún ina gort nua a fháil amach.
Déan cur síos, le cúnamh léaráide lipéadaithe, ar an gcaoi a ndearna sí an t-iniúchadh.

Modh ainmnithe:

Léaráid lipéadaithe:

**(c)** Taispeántar sa tábla thíos torthaí an iniúchta a rinne Mia.
Déan anailís ar an tábla agus freagair na ceisteanna a leanas.

| Gainimh | Siolta | Cré |
|---|---|---|
| 33% | 33% | 34% |

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an cineál ithreach atá i ngort Mia a shainaithint.

| | |
|---|---|
| Ithir chréúil | |
| Ithir ghainmheach | |
| Dúrabhán | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thréith atá ag an ithir a shainaithin tú i gcuid (i) thuas.

1.

2.

**(iii)** Liostaigh **trí** bharr a d'fhéadfaí a fhás i ngort Mia.

1.
2.
3.


**(iv)** Is cleachtas an-tábhachtach é aol a chur ar an ithir go rialta.
Cuir comhairle ar Mia, faoi na ceannteidil a leanas, faoin tábhacht a bhaineann le haol a chur ar a cuid ithreach.

pH na hithreach:

An t-am a thógann sé le bheith iomlán feidhmiúil:

**Ceist 14**

**(a)** Taispeántar sa ghraf thíos meánteochtaí míosúla na hithreach i gColáiste Talmhaíochta Bhaile Átha hÉis, Co. an Chabháin do 2023.
Déan anailís ar an ngraf agus freagair na ceisteanna a leanas.




*(Arna chur in oiriúint ó Met.ie)*

**(i)** Ní mór go mbeadh an teocht ag 6 ºC ar a laghad chun go bhfásfadh féar.
Sainaithin cén mhí ina mbeifeá ag súil go dtosódh an féar ag fás ar fheirm sa Chabhán.

| |
|---|
| |

**(ii)** Mínigh an tionchar a bhíonn ag **dhá** chineál aimsire ainmnithe ar bharr curaíochta ainmnithe a chur.

| Barr curaíochta ainmnithe: |
|---|

| Cineál Aimsire Ainmnithe | Tionchar |
|---|---|
| 1. | |
| | |
| | |
| 2. | |
| | |
| | |

**(iii)** Bhí an méid báistí a thit in Éirinn in earrach na bliana 2024 os cionn an mheánmhéid. Mínigh an chaoi a bhféadfadh sé sin tionchar a bheith aige ar an bplean innilte earraigh a bheadh ag feirmeoir le haghaidh a chuid ainmhithe.

**(b)** Shocraigh grúpa scoláirí Eolaíochta Talmhaíochta sa chúigiú bliain iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an teocht ar chéatadán péactha síolta.

- Chuir siad 100 síol eorna i bpolathollán agus 100 síol eorna eile lasmuigh ar thailte na scoile.
- Rinne siad monatóireacht ar fhás na síolta thar 4 seachtaine.

**(i)** Luaigh hipitéis oiriúnach don iniúchadh.

**(ii)** Taispeántar sa tábla thíos athróg neamhspleách amháin agus athróg spleách amháin ón iniúchadh sin.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun gach athróg a shainaithint.

| Athróga | Neamhspleách | Spleách |
|---|---|---|
| Teocht | | |
| Céatadán péactha | | |

**(iii)** Tar éis ceithre seachtaine rinne na scoláirí an líon síolta a bhí tar éis péacadh a chomhaireamh. Taispeántar na torthaí sa tábla thall.

Tabhair breac-chuntas ar chonchlúid bunaithe ar na torthaí sa tábla.

| Suíomh | Líon na síolta a bhí tar éis péacadh |
|---|---|
| Polathollán | 89 |
| Lasmuigh | 63 |

**(iv)** Ríomh céatadán péactha na síolta eorna a cuireadh ag fás sa pholathollán.

$$\% \text{ Péactha} = \frac{\text{Líon na síolta a bhí tar éis péacadh}}{\text{Líon na síolta a cuireadh}} \text{ x } 100$$

| Ríomh: |
|---|
| |

**(c)** Roghnaigh na scoláirí síol deimhnithe don iniúchadh a rinne siad. Bíonn ráta péactha an tsíl dheimhnithe faoi ráthaíocht.

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thall chun an t-íosráta péactha atá ceart a roghnú le haghaidh an tsíl dheimhnithe.

| **% péactha is lú don síol deimhnithe** | |
|---|---|
| 75% | |
| 85% | |
| 95% | |

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** thréith eile a bhaineann le síol deimhnithe.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(iii)** Taispeántar sna fótagraif **J**, **K** agus **L** thíos trí bharr choitianta a fhástar in Éirinn. Sainaithin **dhá** cheann ar bith de na barra seo.

| Arbhar | Ráib olashíl | Cruithneacht |
|---|---|---|

**J**



**K**



**L**



| | | |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 15** Freagair (a) **agus** (b) **chomh maith** le (c) **nó** (d).

**(a)** Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna a leanas.

### MILKBOT – Meaisín díola bainne




Ar fheirm dhéiríochta i dtuaisceart an Chláir, baintear úsáid as meaisín díola bainne, MILKBOT, chun bainne breisluacha ón bhfeirm, ar dtugtar Moo'ghna Milk, a dhíol le muintir na háite.

Déantar an tréad 70 bó a bhleán ar 6am gach maidin. Déantar an bainne a steiriliú agus a phaistéaradh sula dtógtar den fheirm é agus bíonn an bainne réidh agus sna meaisíní díola faoi 8:30am. Tá costas €1.70 in aghaidh an lítir ar an táirge ceardaí sin ón meaisín díola.

Bainne paistéartha atá in Moo'ghna Milk ach ní bainne homaiginithe é, agus bíonn an cion iomlán saille ann nuair a dhíoltar leis na custaiméirí é. De ghnáth, bíonn an cion saille sa bhainne gar do 4.7% agus an cion próitéine timpeall 3.7%.

Baintear úsáid as buidéil ghloine nó buidéil a thógann na custaiméirí iad féin leo agus tá sé sin tar éis tionchar dearfach a bheith aige ar an gcomhshaol sa mhéid is go bhfuil laghdú suntasach tagtha go háitiúil ar an méid pacáistí plaisteacha a úsáidtear.

*(Arna chur in oiriúint ó Independent.ie, 2023)*

**(i)** Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

Breisluacha:

Táirge ceardaí:

**(ii)** Mínigh go hachomair bealach **amháin** a bhfuil an gnólacht seo neamhdhíobhálach don chomhshaol.

**(iii)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an chiall atá le paistéaradh a shainaithint.

| | |
|---|---|
| An bainne a théamh go teocht ard ar feadh achar gairid ama agus é a fhuarú go tapa chun na baictéir a mharú | |
| Uisce a bhaint as an mbainne chun táirgí déiríochta amhail im agus cáis a dhéanamh | |
| An bainne a scagadh chun cáithníní salachair a bhaint as sula gcuirtear san ollumar é | |

**(b)** Chun bainne a tháirgeadh a bheadh sábháilte le hól ag daoine, ní mór gur den chaighdeán is airde é.


**(i)** Liostaigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht an bhainne.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(ii)** Déanann John agus Jackie an-chuid tástálacha ar na ba agus ar an mbainne chun a dheimhniú go bhfuil an bainne ar an gcaighdeán is airde.
Luaigh galar **amháin** a ndéantar na ba a thástáil dó agus tástáil **amháin** a d'fhéadfaí a dhéanamh ar cháilíocht an bhainne ar an bhfeirm.

| |
|---|
| Galar: |
| |
| Tástáil cáilíochta bainne: |
| |

**(iii)** Taispeántar sa chairt an gnáth-comhdhéanamh i mbainne bó.




Sainaithin na cothaithigh **A** agus **B** sa chairt thuas maidir le comhdhéanamh bainne.

| | Cothaitheach |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |

**(c)** Déan cur síos le cúnamh léaráide lipéadaithe ar an gcaoi chun cáilíocht an bhainne a thástáil thar thréimhse ama.

Léaráid lipéadaithe:

**Nó**

**(d)** **(i)** Taispeántar sna fótagraif thíos ceithre chéim i gcothú lao ón mbreith go dtí sé seachtaine d'aois.
Meaitseáil an litir cheart leis an uimhir sa bhosca chun gach céim a chur san ord ceart.

**A**



Laonna á mbeathú le bainne púdrach

**B**




Lao á bheathú le féar tirim

**C**



Lao ar féarach

**D**



Lao á bheathú le gruth buí

| 1 | | 2 | | 3 | | 4 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

**(ii)** Mínigh an tábhacht atá le gach ceann díobh seo a leanas i réim bhia an lao:

| | |
|---|---|
| **Gruth buí** | |
| | |
| | |
| **Féar tirim** | |
| | |
| | |

**Ceist 16**

**(a)** Is féidir leis an saol a bheith dian ar fheirmeacha mairteola le linn mhíonna an gheimhridh de bharr na drochaimsire.

**(i)** Sainaithin **trí** rud faoin tithíocht san fhótagraf a fhágann go bhfuil sé oiriúnach d'ainmhithe mairteola.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| 3. |
| |
| |



**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc leasa a chuirtear san áireamh agus ainmhithe mairteola á gcur faoi dhíon.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**(iii)** Déan cur síos achomair ar **dhá** ghné shábháilteachta a chuirtear san áireamh agus ainmhithe mairteola á gcur faoi dhíon.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**(b)** Is cuid thábhachtach é an sadhlas den réim bhia a bhíonn ag ainmhí mairteola sa gheimhreadh agus ní mór, mar sin, gur d'ardchaighdeán é. Bhí Tom ag iarraidh cáilíocht an tsadhlais ar an bhfeirm a thástáil agus rinne sé tástáil don Ábhar Tirim (DM).

Déan cur síos, le cúnamh léaráide lipéadaithe, ar an gcaoi a gheobhadh sé amach % DM a chuid sadhlais.

Léaráid lipéadaithe:

**(c)** **(i)** Taispeántar sa tábla thíos an % DM le haghaidh barra tipiciúla foráiste.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an % DM a léiríonn sadhlas Tom a shainaithint.

| | |
|---|---|
| 25% | |
| 45% | |
| 65% | |

**(ii)** Seachas an DM, liostaigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht an tsadhlais.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(iii)** Luaigh **dhá** bhia eile (seachas sadhlas) a d'fhéadfaí a thabhairt do na hainmhithe mairteola le linn an gheimhridh.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**Ceist 17** Freagair (a) **agus** (b) **chomh maith** le (c) **nó** (d).

Tá sé tábhachtach go mbeadh riocht maith ar an ithir ar mhaithe le barra a tháirgeadh. Tá ról tábhachtach ag péisteanna talún maidir le riocht maith a chur ar an ithir agus é sin a choinneáil.

**(a)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le péisteanna talún in ithreacha.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |
| 3. |
| |



**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ar féidir le feirmeoirí líon na bpéisteanna talún a mhéadú ina gcuid ithreach.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**(b)** Tarlaíonn flocasú in ithreacha.

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a shainaithint cé acu ráiteas is fearr a dhéanann cur síos ar an bhflocasú.

| | |
|---|---|
| Próiseas ina dteagmhaíonn cáithníní ithreach le chéile i dtuaslagán agus greamaíonn siad na chéile chun braislí nó meallta a dhéanamh a mbíonn méid níos mó iontu | |
| Spásanna aeir a laghdú san ithir | |
| Foirmiú cruachisil iarainn i sainchiseal B mar thoradh ar mhianraí a láisteadh | |


**(ii)** Leag amach san ord ceart na céimeanna san iniúchadh a thaispeántar thíos chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtaispeánfadh scoláire go raibh flocasú tar éis tarlú san ithir.

**A**




Cuir carbónáit chailciam le ceann de na promhadáin

**B**




Cuir uisce le gach promhadán, cuir stopallán orthu ansin agus croith iad

**C**



Lig dóibh socrú, ní thagann athrú ar an gcuma láibe ar cheann amháin díobh ach tagann cuma thrédhearcach ar an gceann eile

**D**



Cuir ithir chréúil in dhá phromhadán

| **1** | | **2** | | **3** | | **4** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

**(iii)** Sainaithin athróg chóimheastóra **amháin** a úsáideadh san iniúchadh a thaispeántar i gcuid (ii) thuas.

| |
|---|
| |

**(iv)** Maidir leis na torthaí ón iniúchadh i gcuid (ii) thuas, luaigh cé acu cáilíochtúil **nó** cainníochtúil atá na torthaí.

| |
|---|

**(c)** Déantar cur síos sa tábla thíos ar cheithre fheidhm atá ag cothaithigh plandaí.
Bain úsáid as liosta na mianraí a thugtar thíos chun gach mianra a mheaitseáil leis an gcur síos ceart.

| Nítrigin | Fosfar | Cailciam | Maignéisiam |
|---|---|---|---|

| **Cur síos ar fheidhm an mhianra** | **Ainm an mhianra** |
|---|---|
| Bainteach le táirgeadh clóraifille | |
| Táirgeadh aimíonaigéad, a tháirgeann próitéiní don fhás agus don deisiú i bplandaí | |
| Foirmiú agus forbairt síolta | |
| Foirmiú cillbhallaí | |

**Nó**

**(d)** Maidir le fiontar beostoic a bhfuil staidéar déanta agat air, ainmnigh **dhá** chóras táirgthe éagsúla. Maidir le gach córas, sainaithin pór máthar (baineann) a bheadh oiriúnach agus mínigh an chúis atá le do rogha.

| Fiontar beostoic: |
|---|

| | Córas Táirgthe 1: | Córas Táirgthe 2: |
|---|---|---|
| Pór máthar | | |
| Cúis leis an rogha | | |

**Ceist 18**

**(a)** Bhí Aaron ag iarraidh an ráta breithe laonna a fheabhsú ar a fheirm mhairt diúil.
D'fhoghlaim sé go mbíonn tionchar ag bailscór coirp (BCS) ar bha atá ag dul ionlao agus ar thréimhse bhreithe na laonna.
Déan anailís ar an tábla thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

| Bailscór coirp (BCS) | % na mbó a chuaigh ionlao ón gcéad seirbhís | An tréimhse bhreithe a mbeifí ag súil léi |
|---|---|---|
| 1 | 35 | 24 seachtaine |
| 2 | 55 | 12 sheachtain |
| 3 | 70 | 9 seachtaine |
| 4 | 65 | 12 sheachtain |
| 5 | 50 | 15 seachtaine |

**(i)** Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

**(ii)** Bain úsáid as an eolas sa tábla chun a shainaithint cé acu BCS a thugann an % is airde de bha a théann ionlao ón gcéad seirbhís.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le tréimhse bhreithe níos giorra a bheith ann dá thréad diúil.

1.

2.

**(b)** Tá Aaron ag iarraidh go mbeadh lao amháin ag gach bó ar a fheirm gach 12 mhí.


**(i)** Ó na sonraí thíos, ríomh **X**, is é sin an méid ama atá ar fáil do Aaron chun na ba a chur ionlao arís.

**Tréimhse iompair 285 lá** + **X** = **365 lá**

Ríomh:

**(ii)** Ar an amlíne thíos, taispeántar féilire bliana le haghaidh tréad diúil a bheireann san earrach.
Cuir isteach na litreacha **A**, **B** agus **C** ar an amlíne thíos chun a chur in iúl cathain a tharlaíonn gach ceann de na himeachtaí a leanas do bhó dhiúil a bheireann san earrach.


| **A** | **B** | **C** |
|---|---|---|
| Triomú | Scoitheadh | Cúpláil |




**(iii)** Tarraing léaráid lipéadaithe den chóras innilte tulbheathú-leanúint a mbaintear úsáid as go minic ar fheirmeacha bólachta diúil.

Léaráid lipéadaithe:

**(c)** Taispeántar sa ghraf thíos Easpórtálacha Déiríochta as Éirinn idir 2015 agus 2021.
Déan anailís ar an ngraf agus freagair na ceisteanna a leanas.




*(Bord Bia, 2024)*

**(i)** Sainaithin an táirge déiríochta ar tháinig laghdú sna heaspórtálacha de idir 2015 agus 2021.

| |
|---|
| |

**(ii)** Bain úsáid as an ngraf chun luach na n-easpórtálacha ime as Éirinn a mheas in 2021.

| |
|---|
| |

**(iii)** Déantar im in Éirinn as bainne ó bha a bheathaítear le féar.
Déan cur síos ar **dhá** thréith atá ag im nó ag táirge déiríochta ar bith eile atá bunaithe ar réim bhia féir.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

Spás breise scríbhneoireachta le haghaidh **Roinn B**.
Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Admhálacha**

**Íomhá/Íomhanna**

| | |
|---|---|
| Leathanach 3 | progressive genetics; agriland.ie; donedeal.ie; State Examinations Commission |
| Leathanach 4 | progressivegenetics.ie; irishfarmersjournal.ie |
| Leathanach 6 | daft.ie |
| Leathanach 7 | vaderstad.com |
| Leathanach 8 | guardian.com; Naturesport.org.uk; Gardenshop.ie; Saps.org.uk; wildflowersofireland.net |
| Leathanach 9 | farmersjournal.ie; pdsigns.ie |
| Leathanach 10 | moocall.ie; mwiah.com |
| Leathanach 11 | cso.ie |
| Leathanach 12 | agproud.com |
| Leathanach 13 | agriland.ie |
| Leathanach 14 | comfortslatmat.com |
| Leathanach 15 | dairygoldagri.ie |
| Leathanach 16 | dairygoldagri.ie |
| Leathanach 18 | State Examinations Commission |
| Leathanach 21 | met.ie |
| Leathanach 23 | agriland.ie; bakingbusiness.com; farmersweekly.co.uk |
| Leathanach 24 | independent.ie |
| Leathanach 25 | State Examinations Commission |
| Leathanach 27 | agriland.ie; wikimediacommons.com; picryl.com; agproud.com |
| Leathanach 28 | odonovaneng.ie |
| Leathanach 31 | grabngrowsoil.com |
| Leathanach 32 | State Examinations Commission |
| Leathanach 36 | bordbia.ie |

**Text**

| | |
|---|---|
| Leathanach 13 | Harnet, H. *Lameness: Autumn time is peak risk period on dairy farms.* https://www.agriland.ie/farming-news/lameness-autumn-time-is-the-peak-risk-period-on-dairy farms (29 Sept 2024). |
| Leathanach 24 | Hamilton, A. *With the low milk prices the vending machines are saving us.* https://www.independent.ie/farming/rural-life/with-the-low-milk-prices-at-the-moment-the-vending-machines-are-saving-us/a695563656.html (7 Samhain 2023). |

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Eolaíocht Talmhaíochta

Dé Luain 16 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30